**Leasú 552**
**Patrick Breyer, Pierre Larrouturou, Alexandra Geese, Alice Kuhnke, Anna Cavazzini, Bas Eickhout, Benoît Biteau, Caroline Roose, Claude Gruffat, Damian Boeselager, Damien Carême, Erik Marquardt, Francisco Guerreiro, François Alfonsi, Gwendoline Delbos-Corfield, Jakop G. Dalunde, Jutta Paulus, Karima Delli, Manuela Ripa, Kim Van Sparrentak, Malte Gallée, Marcel Kolaja, Margrete Auken, Markéta Gregorová, Mikuláš Peksa, Pär Holmgren, Rasmus Andresen, Rosa D'Amato, Sara Matthieu, Sarah Wiener, Ska Keller, Saskia Bricmont, Sergey Lagodinsky, Thomas Waitz, Tineke Strik, Alviina Alametsä, Clare Daly, Cornelia Ernst, Marisa Matias, Ivan Vilibor Sinčić, Martin Sonneborn, Jarosław Duda, Karen Melchior, Mounir Satouri**

**Tuarascáil** **A9-0395/2023**
**Tomislav Sokol**
Spás Eorpach Sonraí Sláinte
(COM(2022)0197 – C9-0167/2022 – 2022/0140(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9 a. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le sásra inrochtana agus sothuigthe chun rochtain a shrianadh de bhun mhír 9, lena n-iarrfar ó bhéal ar dhaoine nádúrtha, roimh an gcéad rochtain le haghaidh úsáid príomhúil, an mian leo rochtain a shrianadh, agus tabharfar an deis dóibh a mian a chur in iúl, de réir mar is fearr leo, ó bhéal, i scríbhinn nó go leictreonach, rochtain a shrianadh. Beidh an deis ag daoine nádúrtha freisin rochtain a shrianadh ag céim níos déanaí.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Following the principle of data minimisationthere is no need for mandatory registration of health data which cannot be usedbecause of patient opt-outs. Due to the risk of unauthorised access to orunauthorised disclosure of health data that is imminent in the collection andregistration of health data in interconnected Electronic Health Records,patients may refrain from seeking treatment if they cannot keep sensitiveconditions and therapies off interconnected Electronic Health Records. MemberStates should therefore be able to give patients a right to opt-out of theregistration of their health data in interconnected Electronic Health Recordsby all or specific healthcare providers.*

**Leasú 553**
**Patrick Breyer, Pierre Larrouturou, Alexandra Geese, Alice Kuhnke, Anna Cavazzini, Bas Eickhout, Benoît Biteau, Caroline Roose, Claude Gruffat, Damian Boeselager, Damien Carême, Erik Marquardt, Francisco Guerreiro, François Alfonsi, Gwendoline Delbos-Corfield, Jakop G. Dalunde, Jutta Paulus, Karima Delli, Manuela Ripa, Kim Van Sparrentak, Malte Gallée, Marcel Kolaja, Margrete Auken, Markéta Gregorová, Mikuláš Peksa, Pär Holmgren, Rasmus Andresen, Rosa D'Amato, Sara Matthieu, Sarah Wiener, Ska Keller, Saskia Bricmont, Sergey Lagodinsky, Thomas Waitz, Tineke Strik, Alviina Alametsä, Clare Daly, Cornelia Ernst, Marisa Matias, Ivan Vilibor Sinčić, Martin Sonneborn, Jarosław Duda, Karen Melchior, Mounir Satouri**

**Tuarascáil** **A9-0395/2023**
**Tomislav Sokol**
Spás Eorpach Sonraí Sláinte
(COM(2022)0197 – C9-0167/2022 – 2022/0140(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina bhfuil gá le toiliú an duine nádúrtha faoin dlí náisiúnta, beidh comhlachtaí rochtana sonraí sláinte ag brath ar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Chaibidil seo chun rochtain a thabhairt ar ríomhshonraí sláinte. | 5. Beidh ***sé de cheart ag daoine*** nádúrtha ***diúltú dá*** ríomhshonraí sláinte ***a phróiseáil le haghaidh úsáid thánaisteach. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le sásra um rogha an diúltaithe atá inrochtana agus sothuigthe, lena n-iarrfar ó bhéal ar dhaoine nádúrtha, sula n-úsáidfear a sonraí sláinte den chéad uair chun críoch tánaisteach, an mian leo roghnú gan a bheith páirteach agus tabharfar an deis dóibh a mian a chur in iúl, de réir mar is fearr leo, ó bhéal, i scríbhinn nó go leictreonach, gan a ríomhshonraí pearsanta sláinte uile, nó cuid díobh, a phróiseáil chun críoch úsáide tánaistí áirithe nó chun críoch úsáide tánaistí uile. Ní dhéanfaidh feidhmiú an chirt sin chun rogha an diúltaithe difear do dhlíthiúlacht na próiseála a rinneadh faoi Chaibidil IV sular roghnaigh an duine aonair gan bheith páirteach agus ní chuirfear ualach riaracháin míchuí ar ghairmithe sláinte.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach rialú éifeachtach othar ar a gcuid sonraí sláinte a áirithiú chun muinín agus glacadh an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte a chosaint. Ag brath ar shláinte, litearthacht, litearthacht dhigiteach agus aois duine, d'fhéadfadh nósanna imeachta scríofa nó leictreonacha a bheith róchasta chun tuiscint a fháil ar an gceart atá acu diúltú d'úsáid thánaisteach agus é a fheidhmiú. Chun a áirithiú go dtabharfar fíor-rogha do gach duine, ba cheart a iarraidh ar gach duine ó bhéal, uair amháin ar a laghad, an mian leo roghnú gan a bheith páirteach sula n-úsáidfear a ríomhshonraí sláinte chun críoch tánaisteach.*

7.12.2023 A9-0395/554

**Leasú 554**
**Patrick Breyer, Pierre Larrouturou, Alexandra Geese, Alice Kuhnke, Anna Cavazzini, Bas Eickhout, Benoît Biteau, Caroline Roose, Claude Gruffat, Damian Boeselager, Damien Carême, Erik Marquardt, Francisco Guerreiro, François Alfonsi, Gwendoline Delbos-Corfield, Jakop G. Dalunde, Jutta Paulus, Karima Delli, Manuela Ripa, Kim Van Sparrentak, Malte Gallée, Marcel Kolaja, Margrete Auken, Marie Toussaint, Markéta Gregorová, Mikuláš Peksa, Pär Holmgren, Rasmus Andresen, Rosa D'Amato, Sara Matthieu, Sarah Wiener, Ska Keller, Saskia Bricmont, Sergey Lagodinsky, Thomas Waitz, Tineke Strik, Alviina Alametsä, Clare Daly, Cornelia Ernst, Marisa Matias, Ivan Vilibor Sinčić, Martin Sonneborn, Jarosław Duda, Karen Melchior, Mounir Satouri, Tilly Metz, Lydie Massard, David Cormand**

**Tuarascáil** **A9-0395/2023**
**Tomislav Sokol**
Spás Eorpach Sonraí Sláinte
(COM(2022)0197 – C9-0167/2022 – 2022/0140(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) taighde eolaíoch a bhaineann leis na hearnálacha sláinte nó cúraim; | (e) taighde eolaíoch a bhaineann leis an earnáil sláinte nó leis an earnáil cúraim***, lena rannchuidítear leis an tsláinte phoiblí nó le measúnú ar theicneolaíocht sláinte, nó lena n-áirithítear ardleibhéal cáilíochta agus sábháilteachta cúraim sláinte, táirgí íocshláinte nó feistí leighis, agus é mar aidhm leis sin dul chun tairbhe na n-úsáideoirí deiridh, amhail othair, gairmithe sláinte agus riarthóirí sláinte, agus i gcás ina bpróiseáiltear sonraí anaithnidithe: (i) gníomhaíochtaí forbartha agus nuálaíochta le haghaidh táirgí nó seirbhísí***; ***(ii) algartaim a oiliúint, a thástáil agus meastóireacht a dhéanamh orthu, lena n-áirítear i bhfeistí leighis, feistí leighis diagnóiseacha in vitro, córais IS agus feidhmchláir sláinte digití; (iii) gníomhaíochtaí teagaisc ollscoile agus iar-ollscoile i dtaca le taighde eolaíoch;*** |

Or. en